**T.F. 300B**
DFÓMH 2012

# DEIMHNIÚ AITHEANTAIS MHEÁCHAIN LE HAGHAIDH LEANTÓRA NACH BHFUIL FAOI RAON CINEÁLCHEADÚ

(TABHAIR FAOI DEARA-LÉIGH NA NÓTAÍ THALL GO CÚRAMACH SULA NDÉANFAIDH TÚ AN DEIMHNIÚ SEO A CHOMHLÁNÚ)

**CAITHFEAR AN FHOIRM SEO A CHOMHLÁNÚ INA hIOMLÁINE SULA gCUIRFEAR ISTEACH CHUIG D'OIFIG MÓTARCHÁNACH ÁITIÚIL Í**

**Is ceart an deimhniú seo a chomhlánú:**

- sa chás nach bhfuil an leantóir atá á cheadúnú den chéad uair faoi raon cineálcheadú
  nó
- sa chás go ndearnadh an leantóir a athrú ón uair ar ceadúnaíodh den chéad uair é

(I gcásanna inar eisíodh deimhniú cineálcheadaithe comhréireachta nó ceadú aonair i leith an leantóra, nó i gcásanna ina raibh an leantóir cláraithe nó ceadúnaithe i mBallstát eile, ní mór foirm TF300A a chur isteach.)

**CINEÁL AN LEANTÓRA**
(Cuir √ tic sa bhosca cuí)

Leantóir Barra Tarraingthe ☐ Leathleantóir ☐

Comhartha Aitheantais (Féach nóta 3) ______ Déantúsóir ______ Cineál na Cabhlach ______

Uimhir an Fhonnaidh (Uimhir Aitheantais na Feithicle) ______ Líon na nAcastóirí ______

Uas-ollmheáchan Ceaptha na Feithicle
(Féach nóta 4) (Ollmheáchan na Feithicle)

kg ______

| Uas-ualach ceaptha in aghaigh an acastóra (kg) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Acastóir Tosaigh | Acastóir 2 | Acastóir 3 | Acastóir 4 | Acastóir 5 | Acastóir 6 |
| | | | | | |

Dáta a Mhonaraithe (Féach Nóta 6) L L M M B B B B

**Níl an leantóir faoi raon ceadú mar gheall ar cheann de na fáthanna seo a leanas (cuir tic sa bhosca cuí):**

☐ Rinneadh an leantóir a dhéantúsú roimh an 29 Deireadh Fómhair 2012.

☐ Rinneadh an leantóir a dhéantúsú mar chuid de thógáil ilchéimneach (leantóir críochnaithe) roimh an 29 Deireadh Fómhair 2013 (Féach Nóta 7).

☐ Is leantóir sainchuspóireach é an leantóir a rinneadh a dhéantúsú roimh an 29 Deireadh Fómhair 2014 (Féach Nóta 7).

☐ Níl an leantóir ceaptha chun a bheith tarraingthe ach ag tarracóirí talmhaíocha. (Féach Nóta 8).

☐ Níl an leantóir ceaptha ná déantúsaithe ach le húsáid ag Óglaigh na hÉireann, ag an gCosaint Shibhialta, nó ag an nGarda Síochána.

☐ Rinneadh an leantóir a athrú ón uair ar ceadúnaíodh den chéad uair é (Féach Nóta 5).

**DEARBHÚ AN DÉANTÚSÓRA**

Dearbhaím leis seo go bhfuil na sonraí uile a thugtar anseo i ndáil leis an leantóir thuasluaite ceart agus cruinn.

Ainm an ionadaí údaraithe (Bloclitreacha): ______

Síniú an ionadaí údaraithe: ______

Seoladh: ______

Dáta: ______

**STAMPA AN DÉANTÚSÓRA, AN CHÓIMEÁLAÍ NÓ AN IONADAÍ ÚDARAITHE**

nó, nuair is dofheidhmithe é an déantúsóir a fháil chun an deimhniú a chomhlánú, déanfaidh Ionad Tástála Ceadaithe (ITC) arna cheapadh ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an dearbhú seo a leanas a chomhlánú agus a shíniú. (Le haghaidh liosta iomlán de na hIonaid Tástála Ceadaithe atá ceadaithe chun an fhoirm seo a chomhlánú, tabhair cuairt ar www.nsai.ie nó cliceáil ar an nasc seo a leanas http://www.nsai.ie/Our-Services/Certification/Automotive-Certification/Motor-Vehicle-Approval-Schemes/Approved-Test-Centers.aspx)

**DEARBHÚ AN IONAID TÁSTÁLA CEADAITHE**

Dearbhaím leis seo go ndearna mé scrúdú ar an leantóir thuasluaite;

- go bhfuil an t-eolas tugtha anseo ceart agus cruinn, agus
- gurb ionadaí údaraithe mé d'Ionad Tástála Ceadaithe (ITC) arna cheapadh ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Ainm an Ionaid Tástála Ceadaithe

Síniú an Deimhnitheora

Ainm an Deimhnitheora

**STAMPA AN IONAID TÁSTÁLA CEADAITHE**

Dáta

**Síniú an úinéara nó síniú duine atá údaraithe a lámh a chur leis seo thar a cheann (caithfear é seo a chomhlánú):**

Ainm úinéir na feithicle nó ainm duine atá údaraithe a lámh a chur leis seo thar a cheann (bloclitreacha):

Síniú:

Seoladh:

Dáta:

**Nótaí:**

**Féadfar duine a thugann dearbhú bréagach nó cáipéisí bréagach a chúiseamh as cion de réir na Rialachán um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Leantóirí agus Leathleantóirí), 1982 go dtí 2012.**

1. Caithfear gach leantóir earraí (leathleantóirí san áireamh) a cheadú a bhfuil uas-ollmheáchan dleathach níos airde ná 3,500 kg aige.
2. Chun iarratas a dhéanamh ar leantóir a cheadúnú den chéad uair, caithfear foirm TF 100 a chur isteach chuig an údarás ceadúnaithe, i dteannta fhoirm TF 300A (i gcás leantóra a bhí cineálcheadaithe nó iompórtáilte) nó fhoirm TF 300B (i gcás leantóra nach bhfuil faoi raon cineálcheadú).
3. Sa chás go bhfuil an leantóir á cheadúnú den chéad uair, cuirfidh an t-údarás ceadúnaithe an comhartha aitheantais isteach.
4. Uas-ollmheáchan Ceaptha na Feithicle - Is é uas-ollmheáchan ceaptha na feithicle an t-uas-ollmheáchan ar cheap an déantúsóir leantóir lena aghaidh.
5. Sa chás go ndearnadh leantóir a athrú ar aon bhealach a rachadh i bhfeidhm ar na sonraí a tugadh i dtaca leis an deimhniú bunaidh, caithfear TF 300B nua a fháil. Caithfear an deimhniú seo, i dteannta CHÁRTA CEADÚNAIS AN LEANTÓRA a chur ar aghaidh chuig an údarás ceadúnaithe a dhéanfaidh aon athrú riachtanach ar an gcárta ceadúnais agus é a sheoladh ar ais chuig an úinéir.
6. Ó 1965, éilíonn na Rialacháin um Dhéanamh, Threalmhú agus Úsáid Feithiclí dáta a dhéantúsaithe a stampáil go doscriosta ar fhonnadh gach leantóra a úsáidtear sa Stát a bhfuil a ollmheáchan ceaptha níos airde ná 3,500kg agus ní mór don dáta sin a bheith in áit a bhfuil fáil éasca air chun é a scrúdú. (na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh, Trealmhú agus Úsáid Feithiclí )(Leasú), 1965) Féadtar an dáta seo a sheiceáil mar chuid den tástáil bhliantúil ar ródacmhainneacht. Caithfear an bhliain a chur isteach ar a laghad. Mura bhfuil aon lá sonraithe, tuigfear go bhfuil an chéad lá den mhí i gceist. Mura bhfuil aon mhí sonraithe, tuigfear go bhfuil Eanáir i gceist.
7. Dátaí a bhaineann leis an gCineálcheadú

   Caithfear deimhniú comhréireachta nó ceadú aonair (cruthúnas inghlactha ar cheadú thíosluaite) a chur isteach i dteannta iarratais ar leantóir a cheadúnú in Éirinn den chéad uair sa chás go bhfuil an leatóir atá á cheadúnú ina:

   - Leantóir iomlán arna dhéantúsú ar an 29 Deireadh Fómhair 2012 nó ina dhiaidh sin
   - Leantóir críochnaithe arna dhéantúsú ar an 29 Deireadh Fómhair 2013 nó ina dhiaidh sin
   - Leantóir sainchuspóireach arna dhéantúsú ar an 29 Deireadh Fómhair 2014 nó ina dhiaidh sin

   Ciallaíonn "leantóir iomlán" leantóir a rinneadh a dhéantúsú in aon chéim amháin (i.e. rinne aon déantúsóir amháin é dhéantúsú).

   Ciallaíonn "leantóir críochnaithe" leantóir a rinneadh a dhéantúsú i ní ba mhó ná aon chéim amháin (i.e. rinne ní ba mhó ná aon déantúsóir amháin é a dhéantúsú). Mar shampla, déantúsóir a dhéanann fonnadh leantóra neamhchríochnaithe a iompórtáil agus a chuireann cabhail i dtoll a chéile ionas nach bhfuil tuilleadh oibre ag teastáil ón leantóir críochnaithe agus go bhfuil sé i staid chríochnaithe.

   Tugtar sainmhíniú ar fheithicil shainchuspóireach i dTreoir 2007/46/EC mar fheithicil "a bhfuil gnéithe teicniúla áirithe aige chun feidhm a chomhlíonadh a dteastaíonn socruithe agus/nó trealamh ar leith uaithi". Is leantóirí iad seo nach féidir leo na riachtanais theicniúla arna sonrú in Aguisín IV de Threoir 2007/46/EC a chomhlíonadh de bhua a ngnéithe teicniúla. Chun a fhógairt go bhfuil leantóir ina leantóir sainchuspóireach, ní mór don déantúsóir dul i ndáil comhairle leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (nó le húdarás ceadaithe Eorpach eile) ar dtús.

   Cruthúnas inghlactha ar cheadú:

   - **Deimhniú comhréireachta an CE (DC CE)**

     Eisítear an deimhniú seo i ndáil le leantóir a chomhlíonann na riachtanais a bhaineann le Cineálcheadú Feithiclí an CE. Tugann an deimhniú seo cead an leantóir a chur i mbun seirbhíse in aon Bhallstát den Aontas Eorpach agus ní mór don deimhniú a bheith i nGaeilge nó i mBéarla nuair a chuirtear isteach chuig na hoifigigh mótarchánach é.

   - **Deimhniú comhréireachta cineálcheadaithe de Shraith Bheag Náisiúnta na hÉireann (DC SBNÉ)**

     Eisítear an deimhniú seo i ndáil le leantóir a chomhlíonann na riachtanais a bhaineann le Cineálcheadú Shraith Bheag Náisiúnta na hÉireann. Tar éis leantóir a cheannach, bíonn an DC SBNÉ eisithe don cheannaitheoir leantóra ag an déantúsóir agus cuireann sé in iúl go bhfuil an leantóir sin de chineál atá ceadaithe ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Ní cheadaítear do líon na leantóirí de chineál ceadaithe a cheadúnaítear den chéad uair in aon bhliain amháin na teorannacha arna sonrú i Rannán 2 de Chuid A de Aguisín XII de Threoir 2007/46/EC a shárú.

   - **Deimhniú ceadaithe Éireannach le haghaidh feithicil aonair (Deimhniú CÉFA)**

     Eisítear an deimhniú seo i ndáil le leantóir a chomhlíonann na riachtanais le haghaidh feithicil aonair a cheadú in Éirinn, scéim atá dírithe ar leantóirí nach ndéantar ach líon íseal díobh a iompórtáil nó a dhéantúsú nó ar leantóirí a dhéantar a iompórtáil nó a dhéantúsú mar fheithicilí aonair. Déantar scrúdú ar gach aon leantóir ina aonar, agus má chomhlíonann sé na riachtanais theicniúla, eiseoidh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann Deimhniú CÉFA don úinéir nó don déantúsóir

   Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an t-údarás ceaptha ceadaithe in Éirinn chun críche Alt 4(4) de Threoir 2007/46/EC agus tá sé freagrach as na ceadanna náisiúnta uile (Deimhniú CÉFA nó Deimhniú comhréireachta SBNÉ) a eisiúint i ndáil le feithiclí in Éirinn. Má tá ceist ar bith agat faoin bpróiseas ceadaithe, déan teagmháil leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann:

   www.nsai.ie Teil: 01 8073800 Facs: 01 8073838 Ríomhphost: info@nsai.ie

   An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1 Cearnóg Swift, an Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9

   Má tá deimhniú náisiúnta ceadaithe agat arna eisiúint ag Ballstát den Aontas Eorpach nach Éire é, déan teagmháil leis an Údarás ionas iniúchadh a dhéanamh ar an deimhniú agus/nó ar an leantóir chun a fháil amach cé acu an gcomhlíonann sé na riachtanais cheadaithe Éireannacha nó nach gcomhlíonann. Más rud é go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil na riachtanais cheadaithe Éireannacha comhlíonta, déanfaidh an tÚdarás Deimhniú CÉFA a eisiúint i leith an leantóra.
8. Ní gá ceadú a fháil chun leantóirí nach bhfuil ceaptha ach chun a bheith tarraingthe ag tarracóirí talmhaíocha (catagóir R an AE arna sonrú i dTreoir 2003/37/EC) a cheadúnú den chéad uair. Má tá an leantóir ceaptha mar leantóir ilchuspóireach, a d'fhéadfadh idir feithiclí tráchtála agus tarracóirí talmhaíocha a tharraingt, caithfidh ceann de na foirmeacha inghlactha cruthúnais arna sonrú i Nóta 7 a bheith aige.